CEARTÚCHÁN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 236 an 19 Meán Fómhair 2018)(Iris Oifigiúil an Aontas Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 19 Meán Fómhair 2018)

Ar leathanach 62, i bpointe (2) d'Airteagal 80:

in ionad: "(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

'(i) fíorú go bhfuil doiciméad i seilbh an náisiúnaigh tríú tír atá bailí chun an teorainn a thrasnú agus nach bhfuil imithe in éag, agus go bhfuil ag gabháil leis an doiciméad sin, nuair is infheidhme, an víosa, an t-údarú taistil nó an cead cónaithe atá riachtanach.';";

léitear: "(a) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

'(ii) fíorú go bhfuil an víosa, an t-údarú taistil nó an cead cónaithe atá riachtanach ag gabháil leis an doiciméad taistil, i gcás inarb infheidhme.';".